

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

2004



HOUSING FINANCE AGENCY plc
AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

AN GHNÍOMHAIREACTH
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

CLÁR

LEATHANACH

Na Stiúrthóirí agus faisnéis eile	3
Tuarascáil an Chathaoirligh	4
Tuarascáil na Stiúrthóirí	9
Ráiteas i leith freagrachtaí na Stiúrthóirí	18
Tuarascáil na nIníúcháirí	19
Ráiteas i leith beartais chuntasaíochta	21
Cuntas ioncaim agus caiteachais	22
Clár comhardaithe	23
Ráiteas i leith sreabhadh airgid	24
Réiteach glansreabhaidh airgid le gluaiseacht sa ghlan-fhiachas	24
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais	25

AGUÍSINÍ

Aguisín 1: Staitisticí i leith Leabhar na nlasachtaí	38
Aguisín 2: Graif i leith Leabhar na nlasachtaí agus Treochtaí Airgeadais	41
Aguisín 3: Struchtúr na Foirne	45

NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE



Éamonn Ó Cóbhaigh
(1,3,4)



Séamus Ó hEithir
(Bainistíocht) (1,5)



Treasa de Faoite (2,4)



Máire Ní Ghréacháin
(1,3,4)



An tAth. Pádraig Ó Cogáin
(2,3,4)



Michéal Ó'hAodha
(2,4)



Maureen Lynott (2,3,4)



Jackie Maguire (2,4)



Mary Malcolm (2,4)



Thomas Reilly (1,4)



Áine Stapleton (1,4)



Lorcan Allen (2,4)

PRÍOMHCHOISTÍ BOIRD

1. Coiste Airgeadais
2. Coiste Iniúcháireachta
3. Coiste Luach Saothair
4. Stiúrthóir Neamh-Fheidhmiúcháin
5. Stiúrthóir Feidhmiúcháin

RÚNAÍ AGUS OIFIG CLÁRAITHE

Barry O'Leary, F.C.C.A.
Teach Eden
15/17 Cé Éidin
Baile Átha Cliath 1

INIÚCHÓIRÍ

KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás Mháistir an Chuain
IFSC
Baile Átha Cliath 1

ATURNAETHA

McCann FitzGerald
Aturnaetha
2 Plás Mháistir an Chuain
Dug Theach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1

A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1



Ian d'Alton
Ceann Cisteáin



Barry O'Leary
Rialtóir Airgeadais/
Rúnaí Cuideachta



Tom Conroy
Cuntasóir




Annette Aungier
Feidhmeannach Cisteáin



Damian Flynn
Cuntasóir Cúnta/
Iniúchadh Inmheánach

AN GHNÍOMHAIREACHT
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

TUARSCÁIL AN CHATHAOIRLIGH





Éamonn Ó Cofaigh
Cathaoirleach

Is iad téarmaí tagartha na Gníomhaireachta ná iasachtaí airgeadais a sholáthar d'údaráis áitiúla ionas gur féidir leo a gcuid scéimeanna tithíochta éagsúla a mhaoinú ar na rátaí is géire. Maidir leis seo, tá an-áthas orm a thuairisciú gur thugamar seirbhís den scoth d'údaráis áitiúla sa bhliain atá á meas.

Thug an Gníomhaireacht iasachtaí de €494.2m san iomlán d'údaráis áitiúla sa 2004, agus íocadh breis agus 92% laistigh de sheacht lá ón iarratas a fháil. Cé go bhfuil laghdú de 2% ar na hairleacain iasachtaí on mbliain roimhe, ciallaíonn sé gurbh é €1,761.8m an tsuim a tugadh ar iasacht d'údaráis áitiúla le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht. Is ionann seo agus méadú de 57% ar na trí bliana roimhe sin.

De na hairleacain a tugadh, d'eisigh na húdaráis áitiúla 71% den iomlán do cheannaitheoirí tí faoi na scéimeanna Inacmhainne, Comhúinéireachta, agus morgáiste Blianachta. Bhí an t-eileamh ba mhó ar an scéim Chomhúinéireachta, lenar bhain 59% den airgeadas iasachta seo. Maireann téagar i gcónaí in earnáil na tithíochta deonaí, agus airgead iasachta de €96.0m faoin Scéim Iasachta Caipitil agus Fóirdheontais. Bhí titim shuntasach ar mhaoiniú le haghaidh talamh a fháil le linn na gceithre bliana seo caite - ó bhuaic de €131.4m in 2001 go €15.9 in 2004.

I rith na bliana bhain iasachtóirí tairbhe as rátaí ísle cobhsaí. Tá rátaí athraitheacha d'iasachtóirí - nár athraigh ó lúil 2003 - ar 2.95%, timpeall 0.5% faoi mheánrátaí caighdeánacha an mhargaidh. Tugann an Gníomhaireacht cistí ar iasacht d'údaráis áitiúla le haghaidh cuspóirí tithíochta eile, agus fearacht blianta beaga, choinnigh sí a rátaí ar leibhéil ghéariomaíochta, mar aon le coinníollacha solúbtha aibíochta agus aisíoca a choinneáil.

Tá áthas ar an nGníomhaireacht a rá, d'ainneoin gur thug sí amach €494.2m mar airleacain iasachta, nár ghlac sí d'iasachtaí isteach ón margadh ach €90.1m. Is é a bhí san iarmhéid, fuascailtí iasachtaí agus aisíoca blianachta de €2.7 billiún, beagnach, a fuarthas inár leabhar iasachtaí. Bhí sé éasca mar sin maoiniú a dhéanamh laistigh de shaoráidí reatha maoinithe na Gníomhaireachta. Fuarthas iasachtaí breise ó nótaí gearrthearma a eisíodh faoi shaoráid chlár pháipéir eurothrachtála na Gníomhaireachta, a síníodh ar dtús i ndeireadh 2002. Tá na rátálacha gearrthearma is airde ó Moody's agus Standard & Poor's ag an gclár - agus é faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann. Ó Mhárta 2003 rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) eisiúint nótaí thar ár gceann. Tá ag éirí go maith leis an socrú seo. Is é an buntáiste is mó atá ag an mbaint leis an GBCN ná go ndéantar eisiúint

nótaí na Gníomhaireachta agus na hÉireann as láimh a chéile, agus go mbíonn sábháilteachtaí de thoradh úsáid na gcumhacht sa reathaíoch ábhartha, a ligeann don GBCN gníomhú mar fhrithpháirtí maidir le heisiúintí nótaí fálaíthe in airgeadraí eachtracha. Admhaímid le buíochas an obair atá déanta ag an GBCN agus a chuid oifigeach chun an eisiúint nótaí a riaradh in 2004. Na glanchoigiltis is inluaite leis na socrúithe seo, tá siad cosúil leis na coigiltis in 2003. Méadaíodh an clár go €2.5 billiún in 2004, go príomha chun ligean don GBCN tairbhe a bhaint as deiseanna fabhracha réamh-mhaoinithe. Is cóir go gclúdódh an méadú riachtainais maoinithe na Gníomhaireachta go ceann bliain nó dhó.

Le láimhdeachas atá comhionann in airgead agus roinnt billiún euro gach bliain, agus sprioc chun iarratais mhaoinithe na n-údarás áitiúla a shásamh go gasta, baineann an Gníomhaireacht úsáid freisin as roinnt roghanna eile, ar a bhfuil saoráidí eisiúna nóta agus rótharraingtí. Ligeann siad seo don Gníomhaireacht airgead a fháil agus a aisíoc go solúbtha costéifeachtach ar bhonn aon lae. Tá an Gníomhaireacht buíoch dár bhfrithpháirtithe baincéireachta, de na cláraitheoirí agus de na gníomhairí íoctha as seirbhísí den scoth a sholáthar in 2004.

Gach bliain, leagaim béim ar a thábhachtaí is atá bainistíocht priacail do ghnó na Gníomhaireachta. Le fada an lá anois, tá polasaí ag an nGníomhaireacht soláthar a dhéanamh le haghaidh na bpriacal airgeadais a shainaithnítear ina gnó. Baineann na priacail seo den chuid is mó le réamhíocaíochtaí iasachtaí ar ráta seasta agus treoirnasctha a bhfuiltear ag súil lena dteacht i gcrích sa tréimhse 2005 go dtí 2018. Sna cúlchistí reatha tá €34.9 milliún agus déanann an Bord athbhreithniú bliantúil orthu lena chinntiú go mbíonn a dhóthain iontu i gcónaí.

Tugadh an Gníomhaireacht faoi scáth an Achta um Shaoráil Faisnéise ar 22 Samhain 2002. Tá sonraí rochtana ar thaifid na Gníomhaireachta agus ar fhaisnéis ar an nGníomhaireacht le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie. Is é an Dr Ian d'Alton an tOifigeach Saorála Faisnéise agus is é Jim Hehir an t-athbhreithneoir inmheánach. Ní bhfuarthas aon iarratais in 2004; tháinig ceann amháin go luath in 2005. Tá an Gníomhaireacht buíoch as an treoir agus tacaíocht theicniúla a thugann a máthair-Roinn di.

Tugadh cumhacht don Gníomhaireacht faoin Acht Tithíochta 2002 iasachtaí a thabhairt d'údarás áitiúla le haghaidh réimse gníomhaíochtaí faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Sláintíochta agus Bainistíocht Dramhaíola, agus iasachtaí a thabhairt go

díreach do chomhlachtaí tithíochta deonacha. Níorbh fhéidir na cumhachtaí seo a fheidhmiú gan cinneadh foirmiúil ó Choimisiún an AE ar chomhoiriúnacht an ráthaíochta Stáit do na Treoracha ar Chúnamh Stáit. Fuair an Gníomhaireacht faomhadh an Choimisiúin airgead a thabhairt ar iasacht do chomhlachtaí tithíochta deonacha in 2004, agus tá iarratas curtha ag an Stát ó shin chuig an gCoimisiún ag lorg cead maoinithe an bhonneagair shóisialta don Gníomhaireacht, le haghaidh saoráidí pobail agus a leithéid, a dhéanann údarás áitiúla. Tá plédhóiciméad á ullmhú ar an gceist maidir le hiasachtaí a thabhairt d'údarás áitiúla chun saoráidí uisce a sholáthar, mar réamhullmhúcháin ar chruinniú leis an gCoimisiún roimh i bhfad.

Tá polasaí Scothsheirbhís don Chustaiméir (SSC) i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. I mo thuarascáil do 2003, luadh dul chun fóna sa chéid bhliain den fheidhmíocht a thomhas i réimsí éagsúla d'obair na Gníomhaireachta. Tá áthas orm anois gur féidir liom a rá go ndearnadh tuilleadh dul chun cinn in 2004. Go háirithe, d'éirigh leis an nGníomhaireacht a ghnóthaí a riaradh sa chaoi go bhfuil ár rátaí úis dár gcustaiméirí ar an leibhéal is lú is féidir agus gur féidir linn barrachas beag de €6,069 a sheachadadh ar ghníomhaíocht trádála.

Sa réimse *airleacain iasachtaí d'údarás áitiúla*, shocraigh an Gníomhaireacht ar sprioc 90% díobh a dhéanamh laistigh de 7 lá ón iarratas a fháil. D'éirigh leis an nGníomhaireacht 92.4% dá hiasachtaí a eisiúint laistigh den sprioc-thréimhse, is ionann é seo agus feabhas beag ar 92% anuraidh.

Déileáil le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha go tráthúil, is léirthomhas é seo ar cé chomh maith is a thugann eagraíocht seirbhís dá custaiméirí. Leanann an Gníomhaireacht ar a sprioc a bhaint amach chun an comhfhreagras go léir a fhaightear ó fhoinsí seachtracha a fhreagairt laistigh d'aon seachtain oibre.

I Lámhleabhar *Polasaithe agus Gnáthaimh na Gníomhaireachta is tosaíocht í Oiliúint agus Forbairt Foirne*. Is í ár sprioc cothrom is 3% de chostais phárolla a chaitheamh ar an oiliúint. Táimid i ngar dó sin, le haschur de 2.95% in 2004 (2.4% in 2003). Táimid ag súil le tuilleadh dul chun cinn sa réimse seo in 2005.

Is tomhas tábhachtach é *cloí lenár Lámhleabhar Polasaithe agus Gnáthaimh* maidir le dílseacht na Gníomhaireachta don rialachas struchturtha corparáideach is cuí. Déantar tuairisciú air seo faoi dhó sa bhliain. B'e ár sprioc i leith SSC sa réimse seo nach mbeadh líon na sárúithe ar Pholasaithe agus Gnáthaimh de dheasca neamhláithreachtaí thar 40, agus de dheasca aon rud eile go mbeidís níos lú ná 5. Tá áthas

orm a rá gur bhaineamar ár sprioc amach, le 11 tuairisc eisceachta de dheasca neamhláithreachta foirne (26 ceann in 2003) agus 4 tuairisc eisceachta eile (ocht gcinn in 2004).

Glacadh leis an bplean gníomhaíochta a cuireadh ar bun faoin Phlean Gníomhaíochta ag *Coinneáil an Dul chun Cinn* in 2003. Cuireadh i bhfeidhm é agus tá ag éirí go maith leis. Cuireadh dhá thuarascáil go dtí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le linn 2004 agus tá i gceist dhá cheann eile a chur in 2005, rud a chomhlánfaidh an obair a bhí beartaithe sna phlean bunaidh. Leathnaíodh an plean chun tionscadail a chlúdach a rachaidh níos faide ar aghaidh ná 2005.


Agus foireann dáréag ag an nGníomhaireacht, caithfear brath ar chomhoibriú mórán eintiteas eile chun a gnó a dhéanamh go héifeachtúil. Oibrímid go maith lenár gcustaiméirí agus lenár gcomhpháirtithe, na húdaráis áitiúla. Gabhaimid buíochas leo as a ngnó linn i rith 2004. Lena chinntiú go gcomhlíonfamid ár dtéarmaí tagartha le héifeacht is riachtanas dúinn é an dlúthchaidreamh den scoth atá againn leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus a cuid oifigeach. Gabhaimid buíochas freisin le hoifigigh na Roinne Airgeadais agus an Bhainc Cheannais, agus lenár n-aturnaetha, ár n-iniúcháirí agus ár soláthróirí seirbhísí, as a dtacaíocht i rith na bliana. Mar fhocal scoir, thar cheann an Bhoird, is mian liom buíochas a ghabháil le Jim Hehir, agus le foireann na Gníomhaireachta as a ndearna siad chun torthaí sásúla 2004 a ghnóthú.



Edward Coffey (Cathaoirleach)
29 Aibreán 2005

AN GHNÍOMHAIREACHT
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ



Is mian leis na stiúrthóirí a dtuarascáil bliantúil a chur i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004.

1. Cúlra

Is cuideachta atá teoranta ag scaireanna an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt agus atá curtha ar aghaidh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, agus inchorpraíodh í ar 8 Feabhra 1982. Is iad príomhchuspóirí na cuideachta ná:

- (a) cistí a a chur ar airleacan d'údaráis áitiúla lena n-úsáid chun cuspóir ar bith atá údaraithe faoi na hAchtanna do Thithe; agus
- (b) cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch seo.

Is leis an Aire Airgeadais go tairbhiúil scairchaipiteal eisithe go léir na Gníomhaireachta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na stiúrthóirí, le toiliú an Aire Airgeadais.

2. Torthaí agus Díbhinní	€'000
Barrachas coinnithe don bhliain	1,775
Barrachas ag tús na bliana	33,103
Barrachas ag deireadh na bliana	34,878

Tá na torthaí sásúil, agus léiríonn siad tiomantacht na Gníomhaireachta chun iasachtaí a thabhairt do na húdaráis áitiúla ar na corrlaigh is géire is féidir.

Ní mholann na Stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn.

3. Athbhreithniú ar fhorbairt cúrsaí gnó

- (a) iasachtaí d'údaráis áitiúla (ceadaithe roimh 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh an Gníomhaireacht chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla lena dtabhairt ar iasacht acu ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Ar 31 Nollaig 2004 ba ionann na hiasachtaí seo agus iarmhéideanna amuigh de €40.5 milliún (glan ar sholáthar le haghaidh drochfhiacha). Tá dlíteanas ar an nGníomhaireacht i leith aon chaillteanais chreidmheasa as siochair na morgáistí seo.

- (b) iasachtaí d'údaráis áitiúla (ceadaithe tar éis 27 Bealtaine 1986)

Le héifeacht ó Bhealtaine 1986 thug an Gníomhaireacht iasachtaí d'údaráis áitiúla

dh'fhonn iasachtaí agus deontais feabhsúcháin a mhaoiniú a bhí ioncam-ghaolmhar, inchomhshóiteach agus ar bhonn blianachta. Faoin Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, cuireadh le cumhachtaí na Gníomhaireachta chun aon chuid dá bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta a mhaoiniú. Dá thoradh sin tá iasachtaí tugtha ag an nGníomhaireacht d'údaráis áitiúla chun scéimeanna tithíochta i gcomhúinéireacht agus deonacha a mhaoiniú.

Coinnítear cuid shuntasach de na cistí seo chun críocha ar nós talamh a cheannach. Tugtar an t-iarmhéid ar iasacht d'iasachtaithe aonair agus do chomhlachtaí deonacha. Tá freagracht ar na húdaráis áitiúla i leith aon chaillteanais a tharlaíonn dá bharr.

Ar 31 Nollaig 2004 ba ionann na hiasachtaí seo agus iarmhéideanna amuigh de €2.7 billiún.

4. Rialachas Corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na chaighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothú. Tacaíonn siad leis na Prionsabail um Dhea-Rialachas agus le Cód an Chleachtais is Fearr (an "Cód Comhcheangailte") a dhírorthaigh an Coiste um Rialachas Corparáideach ó Thuarascáil Deiridh an Choiste agus ó Thuarascáil Turnbull. Comhlíonann an chuideachta an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais.

Prionsabail an Dea-Rialachais Chorparáidigh

Tá na Stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóir na Gníomhaireachta as an dea-rialachas corparáideach. Sa ráiteas seo leanas cuirtear síos ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm sa Gníomhaireacht Prionsabail an Dea-Rialachais Chorparáidigh mar a leagtar amach iad sa Chód Comhcheangailte agus sa Chód Cleachtais um rialachas Comhlachtaí Stáit.

An Bord Stiúrthóirí

Is éagsúil óna chéile ról an Chathaoirleach agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh. Ar 22 Márta 2005 tá aon duine déag Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin agus aon Stiúrthóir feidhmiúcháin ar an mBord. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí le haghaidh tréimhse nach nó ná cúig bliana. Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an mbainistíocht.

Tagann an Bord le chéile go rialta, agus tá sé freagrach as bainistíocht ceart na Gníomhaireachta. Déanann sé na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lán éifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go

héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht tuairiscithe lárnaithe.

Coinníonn an Bord míreanna áirithe aige féin le haghaidh measúnaithe ar a bhfuil ceadú na ráiteas airgeadais bliantúla, conarthaí suntasacha, mórinfheistíochtaí agus caiteachas caipiteal suntasach. Bíonn breithiúnas neamhspleách ag gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar na gnóthaí lena ndéileálann an Bord. Orthu seo tá na cinn a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta.

Is féidir le gach ball den Bhord rochtain ar comhairle agus seirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá an Rúnaí freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnáthaimh an Bhoird agus na rialacha agus na rialacháin ábhartha. Tá comhairleoirí gairmiúla na Gníomhaireachta ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Is féidir le Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Tá struchtúr éifeachtach de choistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ar na coistí sin tá:

Coiste Airgeadais

Baill: Éamonn Ó Cofaigh, Séamus Ó hEithir, Máire Ní Ghréacháin, Thomas Reilly agus Áine Stapleton.

Tá cumhacht ag an gcoiste, thar cheann na Gníomhaireachta, airgead a thógáil ar iasacht agus a fháil agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadathe ag na Stiúrthóirí.

Coiste Luach Saothair

Baill: Éamonn Ó Cofaigh, an tAth. Pádraig Ó Cogáin, Máire Ní Ghréacháin agus Maureen Lynott.

Déanann an coiste seo moltaí i leith luach saothair an Stiúrthóra Bainistíochta lena meas ag an mBord, faoi réir cheadú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Feidhmíonn sé faoi réir téarmaí tagartha foirmiúla. Tá sonraí táillí agus luach saothair na Stiúrthóirí le fáil i nóta 6 leis na ráitis airgeadais de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003.

Coiste Iniúchóireachta

Baill: Lorcan Allen, an tAth. Pádraig Ó Cogáin, Michéal Ó hAodha, Maureen Lynott, Jackie Maguire, Mary Malcolm agus Teresa White.

Tháinig an coiste seo le chéile faoi ceithre i mbliana. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aige. Faoin gCód Cleachtais nua um Rialachas

Comhlachtaí Stáit, is féidir leis an gcoiste aon ábhar a bhaineann le cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta a athbhreithniú. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bliantúla, ar thuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha, ar an gcaoi a gcomhlíontar caighdeáin chuntasaíochta agus ar cheapadh agus ar tháillí na n-iniúchóirí seachtracha. Tá ról aige freisin maidir le rátaí úis a shocrú agus le ceadú plean na hiniúchóireachta inmheánaigh, faoina ndéantar feidhmíocht an phlean a thomhas. Bíonn cruinniú ag na hiniúchóirí seachtracha leis an gcoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hiniúchóireachta bliantúla ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Níl baint ag luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin le feidhmíocht.

Caidreamh le scairshealbhóirí

Bíonn dialóg leanúnach idir na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht agus scairshealbhóir na Gníomhaireachta maidir le ceisteanna straitéiseacha. Teastaíonn ceadú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus/nó an Aire Airgeadais maidir le gnóthaí sainithe áirithe. Bíonn cumarsáid leanúnach leis na hAirí, trína Ranna, maidir leis na cúrsaí seo.

Rialú inmheánach

Agus an treoir seo leanas um rialú inmheánach arna foilsiú do Stiúrthóirí, “Internal Control: Guidance for Directors on the Combined Code (the Turnbull guidance)”, deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun priacail shuntasacha i ngnóthaí an Bhoird a shainiú, a mheasúnú agus a ionramháil. Bhí an próiseas seo i bhfeidhm le linn na bliana atá faoi chaibidil agus go dtí dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas. Déanann an Bord an próiseas a athbhreithniú go rialta, agus tagann sé leis an treoir.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach; agus go áirithe, d’athbhreithnigh agus d’uasdátaigh sé an próiseas chun na priacail shuntasacha a bhaineann leis an ngnó a aithint agus a mheasúnú, mar aon leis na beartais agus na gnáthaimh trína ndéantar na priacail seo a ionramháil. Neartaíodh an méid seo trí ghlacadh le Cód Eitice a cheadaigh an Bord. Tugann sé seo treoir phraiticiúil don fhoireann go léir. Lena chois, tá beartais tacaíochta ag an nGníomhaireacht agus gnáthaimh d’fhostaithe chun gníomhaíochta a mbeadh amhras calaíse leo a thuairisciú agus a réiteach.

Is gnóthas airgeadais an Gníomhaireacht. Mar sin, go bunúsach, na bunphriacail a bhaineann leis an ngnó, baineann siad le cúrsaí airgeadais

agus cisteáin. D'fhorbair an Gníomhaireacht próiseas ionramhála priacail ar a bhfuil athbhreithnithe ráithiúla ar a bpunann d'iasachtaí agus d'airleacain, agus bíonn athbhreithniú bliantúil a ligeann dó na priacail seo a ionramháil. Ceapadh an próiseas seo chun a chinntiú, oiread agus is féidir, go mbíonn a shócmhainní agus a dhliteanais ar comhoiriúint ó thaobh maoinithe de, agus i dtaca le cineálacha agus tréimhsí iasachta. Baineann priacal iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoirtasachta, agus le gluaiseachtaí boillsithe. Déileáiltear leis seo trí bheartas um chúlchistí agus chorrailigh. Bíonn athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar phriacail ag an nGníomhaireacht. Ceadáíonn an Bord an t-athbhreithniú. Is cuid é ansin de bheartas na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí do na blianta ina dhiaidh sin. Cuirtear an Bord ar an eolas gach ráithe maidir le dálaí nua, agus déantar ceartúcháin dá bharr, más gá.

Tugann an Gníomhaireacht iasachtaí d'Udaráis áitiúla. Meastar nach fiú le háireamh an priacal aisíochta ós rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an priacal ar athruithe ar phraghsanna tithe nó ar athruithe eacnamaíocha eile.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir Bainistíochta freisin leis an mBord thar cheann na Bainistíochta ar athruithe suntasacha sa timpeallacht inphriacail ghnó agus sheachtrach. Tugtar faisnéis don Bhord go ráithiúil. Nuair a shainaithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, measann an Bord na moltaí ón mBainistíocht agus ón gCoiste Iniúcháireachta.

Tá freagracht ar na Stiúrthóirí córas rialaithe inmheánaigh a chothú a thugann deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtacha éifeachtúla, rialú inmheánach airgeadais, agus go bhfuiltear ag comhlíonadh dlíthe agus rialacháin. Maidir leis seo, tugann na Stiúrthóirí aird ar na nithe is cuí, dar leo, i gcomhthéacs ghnó na Gníomhaireachta, ar ábharthacht an phriacail airgeadais a bhaineann ó nádúr leis an ngnó, agus ar na costais agus na sochair choibhneasta maidir le sainrialuithe a chur i bhfeidhm.

I ngnó na Gníomhaireachta glactar le réimse priacal agus ionramháiltear iad. Is dual do na priacail seo gur féidir dálaí a thitim amach as a dtagann caillteanais gan choinne. Cumadh córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta chun deimhniú réasúnta, seachas absalóideach, a chruthú in aghaidh priacail ó earráidí ábhartha, ó chalaíocht nó ó chailiteanais. Is féidir go dtiocfaí timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru. Freisin, de bharr athruithe tosaí, is féidir go n-athróidh éifeacht chóras rialaithe inmheánach ó am go chéile.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí ina bhfuil freagracht sainithe i leith rialú inmheánach ar gach comhchuid de ghnó na Gníomhaireachta. Uair sa bhliain, déanann an príomhfheidhmeannach é seo a admháil go foirmiúil, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeacht an rialaithe inmheánaigh sin.

Is iad eilimintí barrthábhachtacha an chórais rialaithe inmheánaigh ná iad seo a leanas:

- struchtúr eagraíochta sainléirithe ina bhfuil idirdhealú cuí idir dhualgais agus teorainneacha údaráis;
- rialuithe inmheánacha airgeadais atá breactha síos i Lámhleabhar um Beartais agus Ghnáthaimh atá ceadaithe ag an mBord;
- teorainneacha agus gnáthaimh atá sainithe go soiléir le haghaidh caiteachas airgeadais, agus soláthar agus caiteachas caipitil san áireamh;
- buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarma don Gníomhaireacht ina sainítear priacail agus deiseanna barrthábhachtacha;
- cuntais bainistíochta míosúla a ullmhaítear agus a chuirtear faoi bhráid an Bhoird;
- iniúcháir inmheánach a dhéanann athbhreithniú ar chórais agus rialuithe barrthábhachtacha;
- coiste iniúcháireachta a dhéileálann le ceisteanna suntasacha a ardaítear san iniúcháireacht inmheánach nó san iniúcháireacht sheachtrach.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain airgeadais agus ar aghaidh go dtí dáta ceadaithe na ráiteas, agus tá measúnú déanta acu ar na príomhphriacail ghnó agus ar an timpeallacht rialaithe.

Ráiteas um Chomhlíonadh

In áit an Chóid chomhcheangailte a d'eisigh Coiste Hampel in 1998, glacadh leis an gCód comhcheangailte um Rialachas Corparáideach a d'eisigh an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais in Iúil 2003. Sa chóid nua tá roinnt prionsabal agus forálacha úra. Chinn an Gníomhaireacht dá toil féin cloí leis na forálacha seo mar ghné dá polasaí a dícheall a dhéanamh cloí leis an gcleachtas is fearr i gcúrsaí rialachais chorparáidigh.

Tá áthas ar na Stiúrthóirí a rá gur chomhlíon an Gníomhaireacht an Cód Comhcheangailte

agus an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le linn na bliana dár chríoch 31 Nollaig 2004, cés moite de na hábhair seo leanas, mar nach bhfuil ar chumas na Gníomhaireachta, mar chomhlacht stáit, na héilimh atá sa Chód Comhcheangailte agus sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán.

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách sinsearach

Measadh ar cóir ball sinsearach aitheanta den Bhord, seachas an Cathaoirleach, a shainainmniú a bhféadfaí ábhair chúraim a chur faoina bhráid. Mar gheall ar chaoi cheaptha Stiúrthóirí, struchtúr na scairsheilbhe, agus ghnáthaimh reatha an Bhoird, cinneadh nach n-oireann a leithéid do na toscaí.

Coiste Ainmniúcháin agus gnáthaimh toghchánaíochta agus atoghchánaíochta

Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí chun oifige ar feadh cibé tréimhse a shainíonn an tAire, nach faide í ná cúig bliana, nuair a dhéanann sé an ceapachán.

Luach saothair Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Stiúrthóra Bainistíochta faoi réir na dtreoirínte reatha um pá sa tSeirbhís Phoiblí. Níl aon bhaint idir luach saothair Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus feidhmíocht. I gcás na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nochtaítear an luach saothair i dtoll a chéile mar tháillí i nóta 6 leis na ráitis airgeadais.

Iníúcháireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid agus nádúr na Gníomhaireachta níl feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin. Ach tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil a dhóthain saoirse ag feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí chun a cuid dualgais a chomhlíonadh go hoibiachtúil agus ar bhealach atá neamhspleách a dhóthain.

Tinreamh Boird agus measúnú bliantúil feidhmíochta

I láthair na huairé tá an Bord ag athbhreithniú na riachtanas nua atá sa Chód Comhcheangailte maidir le tuairisc a thabhairt ar thaifid thinreamh na mball ag cruinnithe Boird agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a chuid ball. Is mian leis na Stiúrthóirí bheith in ann a thuairisciú ina dTuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 go bhfuil na riachtanais seo á gcomhlíonadh acu.

5. Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá súil réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGníomhaireacht leanúint uirthi ag feidhmiú go ceann tréimhse gan foirceann. Mar sin, leanann siad orthu ag glacadh le bonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

6. Stiúrthóirí

Níl aon leas ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí i scaireanna nó i mbintíúir na Gníomhaireachta. Ceapadh Áine Stapleton Uasal mar Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar an mBord le héifeacht ó 24 Márta 2004.

7. Conarthaí

Ní raibh aon chonradh nó socrú leis an nGníomhaireacht i rith na bliana a raibh leas ábharach ag aon Stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta ann agus a bhí suntasach maidir le gnó na Gníomhaireachta.

8. Úsáid ionstraimí airgeadais, agus díorthaithigh san áireamh

Is iad na príomhphriacail a eascraíonn as oibriúcháin airgeadais na gníomhaireachta ná priacal a bhaineann le boilsciú, priacal ráta úis, priacal leachtachta, priacal airgeadra agus priacal creidmheasa. Tá beartais agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun úsáid ionstraimí cisteáin díorthaitheacha a chlúdach. Is tacaíocht iad seo chun Sonraíocht agus Riachtanais an Aire Airgeadais, a eisíodh faoin *Financial Transactions of Certain Companies and Other Bodies Act, 1992*, a chomhlíonadh. Cuireann siad san áireamh an cleachtas is fearr um úsáid ionstraimí cisteáin díorthaitheacha. Is é príomhchuspóir ionstraimí airgeadais díorthaitheacha a úsáid ná teacht ar chomhchéim leis an bpriacal—nó é a chealú—a tharlódh de dheasca gluaiseachtaí féideartha i rátaí malairte eachtracha agus i rátaí úis i sócmhainní agus i ndlíteanais na Gníomhaireachta.

Sa 'Specification and Requirements' reatha (atá bailí go dtí 31 Nollaig 2005), a bhí de réir beartais a cheadaigh an Bord, lamháiltear conarthaí a chlúdaíonn iomlaidí rátaí úis (€400 milliún), réamh-mhalairtí eachtracha (€2.5 billiún), comhaontuithe rátaí ar aghaidh (€80 milliún) agus caidhpeanna ar rátaí úis (€300 milliún). Sna 'Specification and Requirements' tá sonraí na gcineálacha frithpháirtithe agus freagrachtaí an Bhoird maidir le bainistíocht díorthaitheach. Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach le ceadú Stiúrthóir Bainistíochta na Gníomhaireachta nó ceadú an Cheannasaí Airgeadais (i gcás idirbhearta ina bhfuil

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina gníomhaire/frithpháirtí, bíonn sé le nótáil ag an Stiúrthóir Bainistíochta nó ag an gCeannasaí Airgeadais). Le linn a ré bíonn na hidirbhearta faoi réir seiceálacha iniúchóireachta tréimhsiúla rialta. Faoina chlár páipéir eurothrachtála (PET) eisiúnn an Gníomhaireacht PET in airgeadraí seachas an euro. Chun fálú in aghaidh an phriacail airgeadra seo, déanann an Gníomhaireacht réamhdhéileálacha in airgeadraí eachtracha. Ag deireadh na bliana bhí réamhdhéileálacha amuigh in airgeadraí eachtracha de luach barúlach de €0.94 billiún, rud a d'fhálaigh go hiomlán priacail malairte eachtraí na Gníomhaireachta. Ba réamhbhearta malairtí eachtracha iad seo go léir a rinneadh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhar le clár páipéir eurothrachtála na Gníomhaireachta de €2.5 billiún.

Tarlaíonn priacal a bhaineann le boilsciú nuair nach mbíonn iasachtaí treoirnasctha agus airleachain ar comhoiriúint lena chéile, rud a bhaineann ó nádúr le conarthaí a rialaíonn gach taobh de leabhar na Gníomhaireachta. Nuair nach mbíonn ionstraimí fálaithe sofhála ann, bainistíonn an Gníomhaireacht an priacal seo trí bheartas cúlchistí, a cheadaíonn an Bord. Is é beartas na Gníomhaireachta a chinntiú go mbíonn dóthain caipitil curtha ar leataobh chun na priacail atá ar eolas a shásamh le linn na tréimhse lena mbaineann na neamhchosaintí sin.

Bainistítear neamhchosaint ráta úis trí mhí-oiriúintí idir iasachtaí agus airleacain a íoslaghdú laistigh de na cláir aonair-idir threoirnasctha, ráta seasta agus ráta athraitheach. Cuirtear na héiginntí seo leanas san áireamh agus an beartas á chinneadh: (a) nuair is féidir le hiasachtaíthe fuascailt a dhéanamh gan phionós; (b) nuair nach mbíonn glacadh sa mhargadh i gcónaí le heisiúintí agus fuascailtí; agus (c) nuair a bhíonn an Gníomhaireacht faoi réir athruithe i mbeartas rialtais. Go ginearálta, cuireann an Gníomhaireacht roimpi an priacal ó neamhchosaint ar ráta úis a bhainistiú trí cúlchistí a chur ar leataobh chun an Gníomhaireacht a chosaint ó phriacail iarmharacha shonraithe tar éis comhoiriúna, agus súil á coinneáil aici ar fhéidearthachtaí agus bhoinn tuisceana éagsúla. Déanann an Bord an staid a mheasúnú go rialta agus cinneann sí leibhéal na gcúlchistí is gá go bliantúil.

Maidir le mí-oiriúintí boilscithe agus luaineachtaí corrlaigh, cinneann an Bord méid cúlchiste don bhliain reatha, atá bunaithe ar threochtaí stairiúla. Maidir le réimsí eile (e.g. an costas féideartha mar gheall ar mhí-oiriúint idir sócmhainní ar ráta seasta fadtéarma (airleacain d'údaráis áitiúla) agus dlíteanais (bannaí)),

cuireann an Bord cúlchistí ar leataobh atá bunaithe ar ghlan-luach reatha na gcaillteanas féideartha ar rátaí lascaire reatha an mhargaidh.

Maidir le priacail leachtachta, is é beartas an Bhoird a chinntiú, trí athbhreithnithe tréimhsiúla ar riachtanais sreabhaidh airgid, go mbeidh sí in ann a hoibleagáidí maoinithe a shásamh ar feadh tréimhse chuí ar aghaidh, suas le sé mhí de ghnáth. Tá beartas i bhfeidhm ag an mBord measúnú a dhéanamh go rialta ar fhiachas atá ag aibiú agus ar é a athmhaoiniú agus/nó a aisíoc.

Den chuid is mó, is é priacal creidmheasa na Gníomhaireachta a neamhchosaint ar institiúidí (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus na bainc rátáilte, go príomha), lena mbíonn infheistíochtaí gearrthearma aici. Cheadaíonn an Bord go tréimhsiúil beartas um neamhchosaint infheistíochta agus frithpháirtí. Ní tharlaíonn infheistíochtaí faoi láthair ach i gcomhthéacs bainistíocht leachtachta ó lá go lá. Tá neamhchosaint freisin ag an nGníomhaireacht ar phriacal creidmheasa maidir le hiasachtaí a thugann sí d'údaráis áitiúla, ach meastar é seo mar phriacal íseal.

9. Beartas maoinithe

Maoiníonn an Gníomhaireacht a cuid oibriúcháin trí chumasc d'eisiúintí banna, páipear tráchtála (neamhcheangailte, agus le háiseanna tacaíochta ceangailte), rótharraingtí bainc, agus brabúis coinnithe.

Ba ionann eisiúintí bannaí agus áiseanna ceangailte le chéile agus 27% d'áiseanna iasachta na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2004. Maidir le háiseanna ceangailte na Gníomhaireachta, eisiúintí bannaí agus clár páipéir eurothrachtála de €2.5 billiún (a síníodh ar 22 Deireadh Fómhair 2002, le heisiúintí in airgeadraí éagsúla, a dhéanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ó 26 Feabhra 2003), úsáidtear iad chun a hiasachtaí d'údaráis áitiúla a mhaoiniú faoi théarmaí na nAchtanna Tithíochta. Áiseanna neamhcheangailte eile, úsáidtear mórán díobh chun críocha idirlinne agus leachtachta.

Éilíonn oibriúcháin maoinithe na Gníomhaireachta go ndéanfaidh sí fiachas nua a fháil agus airleacain atá ag aibiú a athmhaoiniú. Bíonn áiseanna rótharraingthe na Gníomhaireachta (€51m ar fáil ar 31 Nollaig 2004) faoi réir athbhreithniú bliantúil ag baincéirí na Gníomhaireachta. Méadaíodh clár páipéir eurothrachtála €2 billiún na Gníomhaireachta i dtóirt go €2.5 billiún ar 20 Nollaig 2004. Bhí meánchostas fhiachas na Gníomhaireachta in 2004 ag 2.9% blianaithe i gcomparáid le 3.6% sa bhliain airgeadais deiridh.

10. Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a mbeadh mar thoradh orthu coigeartú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur leo.

11. An tAcht Toghchánaíochta, 1997

Níor thug an Ghníomhaireacht aon tabhartais pholaitiúla i rith na bliana.

12. Rialacháin (Mall-íocaíocht in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach

Bíonn ar an nGníomhaireacht forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chomhlíonadh, agus mar an gcéanna i gcás an Achte um Íoc Pras Cuntas, 1997 a bhí ann roimhe sin. Tugtar “Na Rialacháin” orthu seo i dteannta a chéile. Mura sainítear a mhalairt i socruithe conartha, is iad téarmaí creidmheasa caigdeánach a nglacann an Ghníomhaireacht leo ná 30 lá ó fhaightear an sonrasc. Cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta nach ndéantar faillí ábhartha sna Rialacháin a chomhlíonadh.

Nuair a tháinig na Rialacháin i bhfeidhm, d’athbhreithnigh an bhainistíocht gnáthaimh íocaíochta reatha na Gníomhaireachta faoi mar atá siad sa Lámhleabhar um Beartais agus Ghnáthaimh, agus ba é a mbarúil gur leor iad chun chun deimhniú réasúnta, seachas absalóideach, a thabhairt in aghaidh neamh-chomhlíonadh ábhartha na Rialachán. De thoradh athbhreithniú ar na híocaíochtaí go léir a rinneadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004, níor nochtadh go ndearnadh aon íocaíochtaí i rith 2004 faoin Acht thuasluaite.

13. Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar dea-bhail fhostaithe na Gníomhaireachta a chosaint trí na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh go dílis. Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 leagtar dualgais airithe ar fhostóirí. Tá na bearta is gá déanta ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht. Glacadh le ráiteas sábháilteachta, agus athbhreithníonn na Stiúrthóirí é gach bliain.

14. Acht na gCuideachtaí (Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht), 2003

Arna rith ina reachtaíocht, thug na Stiúrthóirí aird ar Acht na gCuideachtaí (Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht), 2003. Forálann an Acht go ndéanfaidh na stiúrthóirí dhá ráiteas i dTuascáil na Stiúrthóirí. Is iad sin:

- Ráiteas beartais a leagann amach conas a fhéachfaidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go bhfuil sí ag feidhmiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin a bhaineann leis an gcuideachta. Is cóir an ráiteas seo a athbhreithniú gach trí bliana ar a laghad; agus
- Ráiteas bliantúil um chomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha. Tá an ráiteas seo faoi réir athbhreithniú ag iniúcháirí na cuideachta.

Tá an Bord ag measúnú éifeacht riachtanas Acht na gCuideachtaí (Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht), 2003 agus déanfaidh sé na bearta is cuí lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais seo.

15. Trasdul go Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA)

Faoi réir na reachtaíochta reatha, tá ar an nGníomhaireacht glacadh le CITA le haghaidh na bliana airgeadais dar tús 1 Eanáir 2007 i gcomhréir le forálacha an Aontais Eorpaigh. Cuirfear tús in 2005 le measúnú na Gníomhaireachta maidir le tionchar CITA ar a fheidhmíocht airgeadais agus ar a staid airgeadais, mar aon le cibé athruithe córais is gá.


16. Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad forálacha mhír 202 d’Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais, trí phearsanra cuntasaíochta a fhosú a bhfuil sainoilteacht chuí acu, agus trí acmhainní a dhóthain a sholáthar d’fheidhm an airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais na cuideachta ag a hoifig chláráithe.


17. Iniúcháirí

Faoi réir Alt 160(2) d’Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Thar cheann an Bhóird,



Edward Coffey
Cathaoirleach
22 Márta 2005



James Hehir
Stiúrthóir
Bainistíochta
22 Márta 2005



AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ NA STIURTHÓIRÍ

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn éilítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach blian airgeadais faoi réir dhlí ábhartha na hÉireann agus faoi réir caighdeán chuntasaíochta na hÉireann ionas go dtugtar pictiúr fíor cóthrom ar chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús nó chaillteanas na Gníomhaireachta sa tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, bíonn ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an cuideachta uirthi i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais de réir


Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003, agus go bhforléirítear na Rialacháin go léir mar aon leis na hAchtanna sin. Tá freagracht ghinearálta orthu gach beart a dhéanamh is féidir leo a dhéanamh go réasúnta chun sócmhainní na cuideachta a chaomhnú agus chun gach calaois agus mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Thare cheann an Bhoird,

Edward Coffey
Cathaoirleach
22 Márta 2005

James Hehir
Stiúrthóir
Bainistíochta
22 Márta 2005

TUARASCÁIL NA N-INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉACHA DO BHAILL NA GNÍOMHAIREACHTA AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT



Tá iniúcháireacht déanta againn ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 20 go 36.

Tá an tuarascáil seo á déanamh do bhall na Gníomhaireachta amháin, faoi réir alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a rá le baill na Gníomhaireachta na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuarascáil iniúchára agus ní chun aon chríche eile ar bith. Den mhéid is mó a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine seachas an Gníomhaireacht agus ball na Gníomhaireachta, as ár n-obair iniúcháireachta, maidir leis an tuarascáil seo nó maidir leis na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí faoi seach i leith na tuarascála bliantúla

Tá freagracht dhíreach ar na Stiúrthóirí tuarascáil bhliantúil a ullmhú. Faoi mar a cuireadh síos ar leathanach 17, clúdaíonn seo an fhreagracht as na ráitis airgeadais a ullmhú faoi réir dhlí ábhartha na hÉireann agus faoi réir caighdeán chuntasaíochta na hÉireann. Na freagrachtaí a bhaineann linne, mar iniúcháirí neamhspleácha, tá siad bunaithe in Éirinn faoi reacht, faoin mBord Gnáthamh Iniúcháireachta, agus faoi threoir eitice ár ngairme.

Tuairiscimid daoibh ár dtuairim, an dtugann na ráitis airgeadais pictiúr fíor cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí faoi réir Achtanna na gCuideachtaí. Faoi mar a éilítear freisin ag na hAchtanna, deirimid an bhfuairamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a a theastaigh uainn le haghaidh ár n-iniúcháireachta, an aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais, agus tuairiscimid daoibh ár dtuairim cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh:

- a choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuntais chuí;
- atá Tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais;
- a bhí ar dháta an chlár chomharduithe staid a d'éileodh, b'fhéidir, ar an nGníomhaireacht cruinniú ginearálta urghnách a reachtáil, ar an mbonn gur lú glan-shócmhainní na Gníomhaireachta, faoi mar a léirítear sna ráitis airgeadais, ná leath oiread a scairchaipitil ghlaote.

Tuairiscimid daoibh freisin mura nochtaítear, in ár dtuairim, eolas a shainítear faoin dlí maidir le luach saothair Stiúrthóirí agus idirbhearta Stiúrthóirí leis an gcuideachta.

Atbhreithnímid, ar iarratas na Stiúrthóirí, an amhlaidh a léiríonn an ráiteas deonach ar leathanaigh 8 go 17 gur chomhlíon an Gníomhaireacht naoi bhforáil an 2003 Chóid Chomhcheangailte a shainítear le haghaidh ár n-atbhreithnithe i rialacha liostaithe Stocmhalartán na hÉireann agus murar chomhlíon, tuairiscimid amhlaidh. Ní éilítear orainn a mheas an gclúdaítear gach priacal i ráitis an Bhoird maidir le rialuithe nó ní éilítear orainn tuairim a thabhairt ar éifeacht ghnáthaimh na Gníomhaireachta um rialachas corparáideach nó ar a gnáthaimh um priacal agus rialú.

Léamar an t-eolas eile atá sa tuarascáil bhliantúil, agus an ráiteas um rialachas corparáideach san áireamh, agus agus meabhraímid an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Meabhraímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagaimid ar eolas gur cosúil go bhfuil aon ráitis earráideacha ann nó míréireachtaí i dtaca leis na ráitis airgeadais.

An bonn leis an tuairim iniúcháireachta

Rinneamar ár n-iniúcháireacht de réir na gCaighdeán Iniúchtoireachta atá eiseithe ag Bord na nGnáthamh Iniúcháireachta. In iniúcháireacht cuimsítear scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Clúdaítear freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais atá déanta ag na Stiúrthóirí chun na ráitis airgeadais a ullmhú, agus meastar an oireann na bearta chuntasaíochta do thoscaí na Gníomhaireachta, agus an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhsheasmhach agus á bhfaisnéisiú go sásúil.

Phleanamar agus d'fheidhmiomar ár n-iniúcháireacht ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn mar shásamh réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas suntasach, cuma ar tharla sé de bharr calaoise nó mírialtachta eile nó earráide. Chun teacht ar ár dtuairim mheasúnaíomar freisin ar leor tríd síos an chaoi ar cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is í ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais pictiúr fíor cothrom de ghnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2004 agus dá brabús don bhliain dár chríoch ansin agus gur ullmhaíodh na ráitis i gceart faoi réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003 agus faoi réir na Rialacháin go léir atá le forléiriú mar aon leis na hAchtanna sin.

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir ba ghá dar linn chun críche ár n-iniúcháireachta. Is í ár dtuairim gur choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ar chomhaontú leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 8 go 15 i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Mar a deirtear sa Chlár Comhardaithe ar leathanach 23, is mó glan-shócmhainní na Gníomhaireachta ná a leath d'oiread a sciarchaipitil ghlaote, agus is í ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig 2004 staid airgeadais ann a d'éileodh cruinniú ginearálta urghnách na Gníomhaireachta faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

K PMG

Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
22 Márta 2005

AN GHNÍOMHAIREACTH
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

RÁITEAS I LEITH BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA



Na beartais chuntasaíochta seo a leanas, cuireadh iad i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil leis na míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

Bonn ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne faoi choinbinsiún an chostais stairiúil, agus réitíonn siad le caighdeáin tuarascála airgeadais Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta faoi mar a fhógraítear iad ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Bannaí treoirnasctha

Na bannaí treoirnasctha a úsáidtear chun punann iasachtaí na Gníomhaireachta a mhaoiniú, luaitear iad ag a luach ainmniúil lúide an lascaine neamh-amúchta nó lúide an phréimh ar bhannaí atá ar eisiúint ag deireadh na bliana móide an phréimh a sholáthraítear ar a bhfuascailt. Maidir le costais dhíreacha bannaí atá comhdhéanta den phréimh ar a bhfuascailt, den lascaine nó den phréimh ar a n-eisiúint, agus de chostais eisiúna eile, amúchtar iad ón dáta eisiúna go dáta aibíochta na mbannaí.

Tugtar míniú ar chostais dhíreacha iomlána bannaí ar bhonn fíorthaoidh. Dá bhrí sin, costáiltear na costais seo ar bhuanráta toraidh fhírinne. Cuimsíonn costais dhíreacha bannaí freisin an éifeacht bhoilscithe a tharlaíonn de bharr athruithe sna rátaí innéacsaithe bunúsacha.

Préimh ar fhuascailt bannaí treoirnasctha

An phréimh ar fhuascailt bannaí treoirnasctha, léiríonn sí an phréimh atá fabhráithe go dáta cothrom i dtaca leis an méadú faoin gcéad san Innéacs Praghsanna Tomhaltais de réir théarmaí na heisiúna, lúide méideanna a iarchuireadh ag deireadh na bliana, a chuirfear mar mhuirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais thar fhuíoll shaol na mbannaí.

Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta

Luaitear stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta ag a luach ainmniúil lúide an lascaine neamh-amúchta atá ar eisiúint ag deireadh na bliana. Amúchtar lascaine ar eisiúint ar bhonn líne díri ón dáta eisiúna go dáta aibíochta an stoic.

Costais maoinithe eile

Lascaí ar athmhaoiniú iasachtaí roimh Bhealtaine 1986, bannaí, stoic agus costais pháipéir thráchtála, cuirtear iad mar mhuirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais ina dtráthchodanna cothroma thar shaol na n-iasachtaí agus na gclár páipéir thráchtála agus thar thréimhse na mbannaí/an stoic.

Airgeadraí eachtrannacha

Idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí seachas an euro, taifeadtar iad de réir an ráta atá i réim ag dáta na n-idirbheart sin nó de réir ráta conartha. Na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn dá bharr, aistrítear iad de réir an ráta atá i réim ag dáta an chláir chomhardaithe nó de réir ráta conartha agus déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Rialáil ioncaim agus caiteachais

Rialáiltear an t-ús ar ioncam agus chaiteachas ar bhonn fabhrúithe. Ach, mar a dúradh thuas, na costais a thagann de bharr idirbhearta a dhíol amach, iarchuirtear iad agus cuirtear iad mar mhuirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais thar shaol na n-idirbheart.

Ionstraimí airgeadais díorthaitheacha

Is é an príomhchuspóir le hionstraimí airgeadais díorthaitheacha a úsáid ná pricail do shócmhainní agus do dhliteanais na Gníomhaireachta de dheasca gluaiseachtaí féideartha i rátaí eachtrannacha malairte agus úis a chothromú nó a chealú.

Aithnítear na díorthaigh seo sna ráitis airgeadais de réir chóireáil chuntasaíochta na n-idirbheart bunúsach atá á bhfálú.

Léas oibriúcháin

Na costais a bhaineann le léasanna oibriúcháin, cuimsítear iad sa chaiteachas indíreach ar bhonn fabhráithe thar thréimhse an léasa.

Soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha

Déantar sainsoláthar le haghaidh fiacha amhrasacha aitheanta sa phunann iasachtaí roimh 27 Bealtaine 1986. Lena chois, déantar soláthar ginearálta chun riar ar phriacail drochfhíacha folaigh a d'fhéadfadh tarlú sa bhfuíoll d'iasachtaí morgáiste a tugadh do dhaoine aonair ach nár aithníodh go sainiúil fós. Níl aon soláthar déanta le haghaidh fiacha amhrasacha sa phunann iar - 27 Bealtaine 1986 ó tá na húdaráis áitiúla tar éis an cúram pricail chreidmheasa a ghlacadh maidir leis na hairleacain sin. Cuirtear sainsoláthairtí agus soláthairtí ginearálta mar mhuirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais agus luaitear na hiasachtaí morgáiste a tugadh tar éis na soláthairtí seo a asbhaint.

Chun leordhóthain na soláthairtí a mheas, cuireann an bhainistíocht san áireamh fachtóirí leithéidí riaráistí íocaíochtaí, comhdhéanamh na punainne, luach iarmharach an urrúis bhunúsaigh agus costais réadaithe an urrúis sin agus pricail eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas aisioca na n-iasachtaíthe.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostais lúide dímhéas carntha. Airítear an muirear dímhéasa sa chaoi go ndíscriobhfar an bunchostas lúide luach iarmharach gach sócmhainn sheasta thar a shaol ionchais úsáideach.

Daingneáin agus Feistis

Trealamh ríomhaireachta
líne dhíreach thar 3 bliana

Trealamh neamhríomhaireachta
líne dhíreach thar 5 bliana

Athbhreithnítear go tréimhsiúil na meastacháin ar shaol ionchais úsáideach. Más gá, déantar soláthar freisin in aghaidh lot ar bith do shócmhainní seasta inláimhsithe.

Infheistíochtaí gearrthéarma

Go príomha, is ionann infheistíochtaí gearrthéarma agus nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála agus luaitear iad ar an gcostas agus ar an nglanluach inréadaithe íseal. Aithnítear an t-ioncam ar na hinfeistíochtaí seo ar bhonn líne díri thar an tréimhse chun aibíochta agus fabhraítear é mar ús infhaighte go dtí aibíocht.

Pinsin

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsin le sochair shainithe. Thosaigh sé ar 1 Iúil 1986. Cuirtear an costas rialta chun sochair a sholáthar mar mhuirear ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais thar shaol seirbhíse bhaill na scéime ar bhonn céatadán tairiseach de phá inphinsin. Athruithe ó na costais rialta de bharr luachálacha achtúireacha tréimhsiúla na scéime, leithdháiltear iad ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais thar fhuíoll shaol seirbhíse ionchais na mbail.

An euro

Luaitear na ráitis airgeadais in euro.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004


	Nóta	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2003 €'000
Ioncam - gníomhaíochtaí leanúnacha	3	81,554	90,354
Caiteachas díreach	4	(77,781)	(89,382)
Barrachas ioncaim ar chaiteachas díreach		3,773	972
Caiteachas indíreach	5	(1,998)	(2,351)
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais - gníomhaíochtaí leanúnacha		1,775	(1,379)
Barrachas ag tús na bliana		33,103	34,482
Barrachas ag deireadh na bliana		34,878	33,103

Níl aon ghnóthachain nó chaillteanais aitheanta ag an nGníomhaireacht sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe seachas na cinn a ndéileáiltear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Níl aon difríocht shuntasach idir na torthaí mar a nochtar iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na torthaí ar bhonn costas stairiúil neamh-mhodhnaithe sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe.

Thar cheann an Bhoird,


Edward Coffey
Cathaoirleach
22 Márta 2005



James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
22 Márta 2005

Clár Comhardaithe

ag 31 Nollaig 2004

	Nóta	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Sócmhainní in úsáid			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	8	67	128
Sócmhainní reatha			
Fiachóirí (airleacain dlite tar éis breis bliain: (€2,419,263 [2003: €2,374,458])	7	2,756,914	2,663,134
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	9	1	10,001
		2,756,915	2,673,135
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain)	10	(1,942,967)	(1,825,642)
		813,948	847,493
Glansócmhainní reatha			
		814,015	847,621
Sócmhainní go hiomlán lúide dliteanais reatha			
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite tar éis breis is bliain)	11	(289,136)	(335,081)
Bannaí treoirnasctha	12	(399,489)	(389,286)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	13	(90,473)	(90,112)
		34,917	33,142
Glan-Sócmhainní			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	15	39	39
Barrachas coinnithe		34,878	33,103
Cistí scairshealbhóirí - cothromas	17	34,917	33,142

Thar cheann an Bhoird,


Edward Coffey
Cathaoirleach
22 Márta 2005

James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
22 Márta 2005

Ráiteas i leith Sreabhadh Airgid

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004

	Nóta	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	16(a)	(6,548)	(194,149)
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh airgeadais	16(b)	(69,379)	(65,848)
Caiteachas Caipitil	16(b)	(40)	(42)
Eis-sreabhadh airgid roimh ghníomhaíochtaí maoinithe		(75,967)	(260,039)
Gníomhaíochtaí maoinithe - glan insreabhadh airgid ó mhaoiniú	16(b)	74,232	260,087
(Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain		(1,735)	48

Réiteach glansreabhaidh airgid le gluaiseacht sa ghlan-fhiachas

don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004

	Note	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
(Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain		(1,735)	48
Insreabhadh airgid ó athrú ar mhaoiniú fiachais		(74,232)	(260,087)
Gluaiseachtaí neamh-airgid	16(c)	(10,564)	(17,660)
Gluaiseacht i nglan-fhiachas sa bhliain		(86,531)	(277,699)
Glan-fhiachas ag tús na bliana	16(c)	(2,619,781)	(2,342,082)
Glan-fhiachas ag deireadh na bliana	16(c)	(2,706,312)	(2,619,781)

Nótaí

atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

1. Stádas na Gníomhaireachta agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt atá arna chur ar aghaidh ar an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Tá an scairchaipiteal eisithe in úinéireacht thairbhiúil an Aire Airgeadais. Cumadh an Gníomhaireacht mar chuideachta theoranta phríobháideach ar 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar 13 Eanáir 1983.

Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara i rith na bliana de réir chiall Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimhir 8 um Fhaisnéisiú Páirtithe Gaolmhara. Mar aon le mórán comhlachtaí Rialtais eile, déileálann an Gníomhaireacht le comhlachtaí Rialtais eile i ngnáthchúrsaí gnó.

2. Stádas cánach na Gníomhaireachta

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúthaithe Cánach, 1997, ioncam a thagann chun na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt, óna corprú, de thoradh iasachtaí agus airleacain a thabhairt faoi Alt 5 den Acht um Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, tá sé díolmhaithe ó Cháin Chorporáide. Ioncam atá inchurtha mar mhuirear faoi Chás III, Sceideal D, tá sé díolmhaithe freisin ó Cháin Chorporáide.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúthaithe Cánach 1999, tá an Gníomhaireacht i dteideal díbhinní a íoc comhlán de Cháin Díbhinní Shiarchoinneálach.

3. Ioncam - gníomhachtaí leanúnacha

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Ús ar airleacain a ceadaíodh d'údaráis áitiúla:		
Tar éis 27 Bealtaine 1986	76,724	84,378
Roimh 27 Bealtaine 1986	2,646	3,581
Ioncam infheistíochta	2,184	2,395
	81,554	90,354

4. Caiteachas díreach

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
<i>Bannaí treoirnasctha</i>		
Ús ar bhannaí	11,645	11,375
Préimh ar fhuascailt bannaí (Nóta 12)	9,877	16,973
Amúchadh lascaine ar eisiúint bannaí	300	300
Amúchadh costais eisiúna bannaí	12	12
Amúchadh lascaine ar iasachtaí roimh Bhealtaine 1986	11	11
	21,845	28,671
<i>Stoc agus costais iasachtaí</i>		
Amúchadh lascaine agus costais eisiúna ar Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta	364	364
Ús iníochta ar iasachtaí bainc, ar nótaí agus stoc faoi ráthaíocht	54,819	63,161
Amúchadh préimhe/(lascaine) ar idirbhearta malairte eachtraí atá amuigh	723	(2,839)
Amúchadh costais eisiúna páipéir eurothrachtála	30	25
	55,936	60,711
	77,781	89,382

5. Caiteachas indíreach

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
<i>Caiteachas eile</i>		
Caiteachas riaracháin (Nóta 6)	1,750	1,606
Árachas ar chosaint morgáistí	-	530
Táillí riaracháin le húdaráis áitiúla	248	215
	1,998	2,351

6. Caiteachas riaracháin

Áiríodh caiteachas riaracháin tar éis muirir a chur:

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
<i>Luach saothair stiúrthóirí</i>		
Táillí - Cathaoirleach	10	8
Stiúrthóirí eile	38	40
Luach saothair eile	94	91
Ranníocaíochtaí pinsin	21	20
	163	159

Costais fostaithe

Tuarastail	603	560
Costais leasa shóisialaigh	35	25
Costais phinsean (Nóta 19)	128	94
	766	679
Luach saothair iniúcháirí (seachas cáin bhreisluacha)	21	20
Dímheas	101	140
Íocaíochtaí cíosa faoi léas oibriúcháin	62	50

B'é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana, agus Stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, ná 12 (2003: 12).

7. Fiachóirí

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Iarmhéid dlite ar airleacain	2,696,139	2,605,827
Fiachóirí eile agus réamhíocaíochtaí	413	626
Dlite ó údaráis áitiúla	60,362	56,681
	2,756,914	2,663,134

Anailísítear an t-iarmhéid is dlite ar airleacain mar a leanas:

(i) Iasachtaí a ceadaiódh tar éis 27 Bealtaine 1986

Iarmhéid ag tús na bliana	2,558,368	2,281,372
Airleacain a tugadh	494,183	447,003
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(413,037)	(188,625)
Ús a gearradh	76,724	84,378
Ús a fuarthas	(60,591)	(65,760)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	2,655,647	2,558,368

(ii) Iasachtaí a ceadaiódh roimh 27 Bealtaine 1986

Iarmhéid ag tús na bliana	47,459	54,867
Lúide: iasachtaí a aisíocadh	(6,967)	(7,408)
	40,492	47,459
Ús a gearradh	2,645	3,580
Ús a fuarthas	(2,645)	(3,580)
	40,492	47,459
Iarmhéid ag deireadh na bliana	2,696,139	2,605,827

8. Sócmhainní seasta inláimhsithe iomlán

	Iomlán €'000
Costas	
Ag tús na bliana	484
Breiseanna	40
Diúscairtí	(24)
Ag deireadh na bliana	500
Dímheas	
Ag tús na bliana	356
A gearradh don bhliain	101
Diúscairtí	(24)
Ag deireadh na bliana	433
<i>Glan-luach de réir na leabhar</i>	
31 Nollaig 2004	67
31 Nollaig 2003	128

9. Airgead tirim sa bhanc

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Airgead sa bhanc agus ar láimh	1	1
Méideanna ar coinneáil ar thaiscí gearrthéarmacha	-	10,000
	1	10,001

10. Creidiúnaithe (méideanna atá dlíthe laistigh de bhliain)

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Páipéar tráchtála, saoráidí eisiúna nótaí agus nótaí faoi ráthaíocht	1,925,440	1,805,473
Ús dlíthe ar stoc agus ar bhannaí	6,935	6,832
Fabhruithe	8,694	13,174
Rótharraingt bhainc	1,898	163
	1,942,967	1,825,642
Creidiúnaithe cánach (atá san áireamh sna fabhruithe) ÍMAT	23	23

An páipéar tráchtála, na saoráidí eisiúna nótaí agus an rótharraingt, tá siad faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

11. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite tar éis breis is bliain)

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
lasachtaí bainc agus nótaí iniúchta nó inaisíochta ar bhealaí seachas de thráthchodanna:		
Idir bhliain agus dhá bliana	17,966	-
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	210,636	149,002
Tar éis breis is cúig bliana	60,534	186,079
	289,136	335,081

Tá na hiasachtaí agus na nótaí faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

12. Bannaí treoirnasctha

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Eisiúintí bannaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta		
Bannaí Treoirnasctha 2% 2008	107,928	107,928
Bannaí Treoirnasctha 4% 2015	95,230	95,230
Luach ainmniúil na mbannaí ar eisiúint	203,158	203,158
Glan-Costais neamh-amúchta agus lascaire ar eisiúint	144	(182)
	203,302	202,976
Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bannaí	196,187	186,310
	399,489	389,286

Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bannaí

	lomlán €'000	larchurtha €'000	Arna sholáthar €'000
Ag tús na bliana	201,106	(14,796)	186,310
Ag eascairt i rith na bliana	7,807	2,070	9,877
Ag deireadh na bliana	208,913	(12,726)	196,187

An phréimh is iniúchta ar fhuascailt, déantar í a sholáthar i dtaca leis an méadú céatadánach ar an Innéacs Praghsanna Tomhaltais ó bhonndáta gach eisiúna bannaí go dtí an t-innéacs a bhaineann leis an séú mí roimh dháta an chúpóin ábhartha. Tá na bannaí faoi ráthaíocht ag an Aire Airgeadais.

13. Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Ar par ag tús na bliana	95,230	95,230
Lúide: Lascaine neamh-amúchta ar eisiúint	(4,757)	(5,118)
Ag deireadh na bliana	90,473	90,112

Tá an luach pair atá dlite ar fhuascailt agus ús ar an stoc seo faoi rátháíocht an Aire Airgeadais.

14. Próifíl na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais

I nótaí 8 & 9 le Tuarascáil na Stiúrthóirí tá insint ar fhaisnéisithe maidir le beartas stáitchiste agus bainistíocht na cuideachta.

Ainmnítear na sócmhainní airgeadais go léir in euro agus anailísítear iad tuilleadh thíos:

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Ráta seasta	119,459	135,308
Ráta comhdhlúthach (agus ráta treoirnasctha san áireamh)	2,637,043	2,527,200
Gan ús ar bith	-	-
	2,756,502	2,662,508

Shocraigh an Gníomhaireacht rátaí nua airleacain, idir sheasta agus chomhdhlúthach, i rith na bliana airgeadais. Is mar shócmhainní ar ráta comhdhlúthach a rangáítear airleacain na Gníomhaireachta atá ar bhonn treoirnasc boilscithe de réir Innéacs Praghsanna Tomhaltais na hÉireann.

Méid a áiríodh ar bhonn thagarmhairc ráta chomhdhlúthaigh:

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
EURIBOR	2,315,073	2,111,595
Treoirnasctha	321,970	415,605
	2,637,043	2,527,200

Próifíl phriacal na sócmhainní airgeadais ar bhonn ráta úis, ag:

	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2003
Ráta úis seasta de réir meáin mheáite	8.37%	7.90%
Tréimhse, de réir meáin mheáite, dár socraíodh sócmhainní ar ráta seasta	12 years	13 years

Is iasachtaí 30 bliain a eisíodh in 1986 codán mór d'iasachtaí na Gníomhaireachta atá ar ráta seasta. Is le haghaidh tréimhsí i bhfad níos giorra a shocraítear iasachtaí nua.

<i>Aibíocht sócmhainní airgeadais</i>	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Méideanna atá dlite laistigh de bhliain	337,241	288,676
Méideanna a bheidh dlite idir aon bhliain agus dhá bhliain	44,729	102,379
Méideanna a bheidh dlite idir dhá bhliain agus cúig bliana	264,156	228,107
Méideanna a bheidh dlite tar éis breis is cúig bliana	2,110,376	2,043,346
	2,756,502	2,662,508
<i>Anailísítear dliteanais airgeadais thíos:</i>		
	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Ráta seasta	97,621	108,924
Ráta comhdhlúthach	2,607,969	2,510,857
	2,705,590	2,619,781
<i>Próifíl phriacal na ndlíteanas airgeadais ar bhonn ráta úis, ag</i>		
	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2003
Ráta úis seasta de réir meáin mheáite	8.87%	8.44%
Tréimhse, de réir meáin mheáite, dár socraíodh dlíteanais ar ráta seasta	12 years	12 years
	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
<i>Méid a áiríodh ar bhonn thagarmhairc rátaí comhdhlúthacha:</i>		
EURIBOR	2,206,582	2,121,408
Príomha	1,898	163
Treoirnasctha	399,489	389,286
	2,607,969	2,510,857

Is é atá sna dlíteanais airgeadais ar ráta comhdhlúthach ná iasachtaí bainc ar rátaí a socraíodh roimh ré le haghaidh tréimhsí ó thrí mhí go sé mhí i dtaca le EURIBOR sé mhí agus le dlíteanais threoirnasctha ar rátaí úis a áirítear i dtaca le hInnéacs Praghsanna Tomhaltais na hÉireann.

Ar 31 Nollaig 2004, tar éis éifeacht conarthaí ar aghaidh in airgeadraí eachtrannacha a chur san áireamh, ní raibh aon neamhchosaintí ábhartha ar an nGníomhaireacht.

Bearta leachtachta ag:

	31 Nollaig 2004		31 Nollaig 2003	
	Dlíteanais Airgeadais €'000	Saoráidí geallta ach gan tarraingt €'000	Dlíteanais airgeadais €'000	Saoráidí geallta ach gan tarraingt €'000
Aibiú laistigh de 12 mhí nó ar éileamh	1,926,492	25,395	1,805,302	712
Aibiú níos mó ná bliain, níos lú ná 2 bhl.	17,966	26,474	-	25,395
Aibiú níos mó ná 2 bhliain, níos lú ná 5 bl.	210,636	167,128	149,002	73,202
Aibiú níos mó ná 5 bliana	550,496	39,466	665,477	213,921
Iomlán	2,705,590	258,463	2,619,781	313,230

Luach cóir

	Luach deise		Luach cóir	
	31 Noll 2004 €'000	31 Noll 2003 €'000	31 Noll 2004 €'000	31 Noll 2003 €'000
Sócmhainní airgeadais				
Ráta seasta	119,459	135,308	197,168	223,153
Ráta comhdhlúthach	2,315,073	2,111,595	2,315,073	2,111,595
Treoirnasctha	321,970	415,605	550,670	737,236
Gan ús ar bith	-	-	-	-
	2,756,502	2,662,508	3,062,911	3,071,984
Dlíteanais airgeadais				
Ráta seasta	97,621	108,924	174,568	181,033
Ráta comhdhlúthach	2,208,480	2,121,571	2,196,651	2,046,452
Treoirnasctha	399,489	389,286	-	529,469
	2,705,590	2,619,781	2,371,219	2,756,954
Diorthaithigh ar coinneáil chun príacail a ionramháil				
Conarthaí airgeadra ar aghaidh	122	333	109	144

Aithneofar go hiomlán an gnóthachan/(caillteanas) neamhréadaithe a eascraíonn as conarthaí ar aghaidh sna ráitis airgeadais le linn na bliana dár chríoch 31 Nollaig 2005. Ba í an glanphréimh nó lascaine a aithníodh i rith na bliana i leith conarthaí ar aghaidh ná €0.723m (2003: €2.839m).

Tá an Gníomhaireacht tar éis a mheas conas is fearr is féidir leis luach cóir na sócmhainní treoirnasctha a áireamh. Thángthas ar luach cóir sócmhainní na Gníomhaireachta tríd an toradh ar €100 (ainmníúil) d'iasacht threoirnasctha a mheas, i gcomparáid leis an toradh ar iasacht ghnásúil inathraitheach a bheadh bunaithe ar EURIBOR míosa, ag dáta an chláir chomhardaithe. Táthar tar éis luach cóir shócmhainní na Gníomhaireachta a áireamh mar €3.2bn. Tá an figiúr seo bunaithe ar EURIBOR de réir ráta dheireadh na bliana (2003: EURIBOR) ar bhonn 365 lá.

Mar an gcéanna, luacháiltear dlíteanais na Gníomhaireachta i dtaca le mí amháin EURIBOR ag dáta an chláir chomhardaithe, agus costas maoinithe stoic threoirnasctha a chur i gcomparáid le costas maoinithe stoic ghnásúil inathraitheach. Táthar tar éis luach cóir dhlíteanais na Gníomhaireachta a áireamh mar €2.9bn. Arís, tá an figiúr seo bunaithe ar EURIBOR de réir ráta dheireadh na bliana (2003: EURIBOR).

Maidir leis an modheolaíocht seo a roghnú, chinn an Gníomhaireacht gan úsáid a bhaint as margadhphraghas luaite na mbannaí treoirnasctha ós rud é nach bhfuil siad ach ag líon beag stocbhróicéirí agus is annamh a thrádáiltear iad. Síleadh go dtabharfaí léiriú níos cruinne ar an scéal ach dul i dtaca le rátaí inathraitheacha, agus dá thairbhe sin sócmhainní agus dlíteanais a mheas ar bhonn comhionann.

15. Scairchaipiteal - cothromas

Tá 30,000 gnáthscaireanna ann ar €1.30 agus iad údaraithe, leithroinnte, glaoite, agus láníochta ag 31 Nollaig 2004.

16. Ráiteas faoi shreabhadh airgid

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
(a) Réiteach idir barrachas oibriúcháin agus eis-sreabhadh airgid de bharr gníomhachtaí oibriúcháin		
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais	1,775	(1,379)
Caiteachas díreach (Nóta 4)	77,781	89,382
Amúchadh pinsean	11	11
Dímheas (Nóta 8)	101	140
Ioncam infheistíochta (Nóta 3)	(2,184)	(2,395)
Gluaiseachtaí caipitil oibre		
(Méadú)/laghdú ar mhéideanna atá dlite ó údaráis áitiúla (Nóta 7)	(3,681)	101
(Méadú) ar airleacain (Nóta 7)	(90,312)	(269,920)
(Méadú) ar fhiachóirí eile agus ar réamhíocaíochtaí	(12)	(11)
(Laghdú) ar chostais fhabhráithe	(27)	(78)
Laghdú/(Méadú) ar acmhainní leachtacha	10,000	(10,000)
Eis-sreabhadh airgid de bharr gníomhaíochtaí oibriúcháin	(6,548)	194,149
(b) Sreabhaí comhlánacha airgid thirim		
	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh airgeadais		
Us faighte	2,398	2,310
Ús íochta	(71,777)	(68,158)
Glan-eis-sreabhadh airgid thirim ó thorthaí agus ó fhónamh airgeadais	(69,379)	(65,848)
Caiteachas caipitil		
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	(40)	(42)
Diúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe	-	-
Glan-eis-sreabhadh airgid thirim de bharr caiteachas caipitil agus diúscairtí	(40)	(42)
Maoiniú		
Aisíoc iasachtaí bainc agus nótaí iníochta	-	-
Méadú ar iasachtaí bainc agus ar nótaí iníochta	74,232	260,087
Glan-insreabhadh airgid thirim de bharr maoinithe	74,232	260,087

(c) Anailísiú ar athruithe ar ghlan-fhiachas

	Ag 31 Noll 2004 €'000	Sreabhaí airgid thirim €'000	Gluaiseachtaí neamh-airgid €'000	Ag 31 Noll 2003 €'000
Airgead tirim ar láimh, sa bhanc	1	-	-	1
Rótharraingt	(1,898)	(1,735)	-	(163)
	(1,897)	(1,735)	-	(162)
lasachtaí bainc agus nótaí iníochta laistigh de bhliain	(1,925,317)	(120,177)	-	(1,805,140)
lasachtaí bainc agus nótaí iníochta tar éis bliana	(289,136)	45,944	-	(335,081)
Bannaí treoirnasctha	(203,302)	-	(326)	(202,976)
Soláthar le haghaidh préimhe ar fhuascailt bannaí	(196,187)	-	(9,877)	(186,310)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	(90,473)	-	(361)	(90,112)
	(2,706,312)	(75,968)	(10,564)	(2,619,781)

17. Réiteach idir chistí scairsealbhóirí

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000
Barrachas/(easnamh) don bhliain airgeadais	1,775	(1,379)
Cistí tosaigh scairshealbhóirí	33,142	34,521
Cistí scairshealbhóirí ar deireadh	34,917	33,142

18. Ceangaltais

Ceangaltais léasa oibriúcháin

Tá ceangaltais ar an nGníomhaireacht faoi léas oibriúcháin íocaíochtaí de €75,000 san iomlán a dhéanamh sa bhliain seo chugainn mar a leanas:

	Foirgnimh €'000
Léas éaga:	
Tar éis bliana	75

19. Pinsin

Feidhmíonn an chuideachta scéim pinsean le sochair shainithe a chlúdaíonn na buanfhostaithe go léir. B'é an costas pinsean don bhliain airgeadais ná €128,287 (2003: €93,583). Maoinítear an scéim ar bhonn maoinithe de réir leibhéal reatha. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha don scéim de réir comhairle achtúire (23.7% de phá inphsin).

Rinneadh an luacháil iomlán ba dhéanaí ar 31 Nollaig 2001, ag úsáid an Mhodha Chomhiomláin.

Ba é an príomhbhonn tuisceana atá mar bhunús faoin scéim ná go sáródh an toradh fadtéarmach ar infheistíochtaí an boilsciú tuarastail de 2% sa bhliain.

Ag 31 Nollaig 2001 ba é margadhluach shócmhainní an chiste ná €1.5m. agus ba é leibhéal maoinithe dliteanas le haghaidh seirbhíse caite ná 102%. Méadaíodh na ranníocaíochtaí don chiste ar aon dul le moltaí an achtúire. Tá an tuarascáil achtúireach ar fáil lena breathnú ag baill na scéime.

Leanann an Gníomhaireacht air, le cuntas a thabhairt ar na pinsin de réir SSAP 24, agus na faisnéisithe a thugtar, is iad na cinn is gá de réir an chaighdeáin sin. Sa caighdeán éilítear faisnéisithe céimnithe idirthréimhseacha mar atá breactha thíos:

Chun críocha Shocair Scoir FRS 17 nuashonraíodh na luachálacha is déanaí go dtí 31 Nollaig 2004 ag Achtúire Cáilithe Neamhspleách a d'úsáid an modh aonad fortheilgthe. Is mar a leanas a bhí na príomhbhonn tuisceana a úsáideadh:

	2004	2003	2002
Ráta méadaithe tuarastal	3.0%	3.0%	3.0%
Ráta méadaithe íocaíochtaí pinsin	2.0%	2.0%	2.0%
Ráta lascaire	4.5%	5.0%	5.0%
Bonn tuisceana um ráta boilsaithe	2.0%	2.0%	2.0%

B'iad na sócmhainní sa scéim agus an ráta toraidh ionchais:	Ráta toraidh fhadtéarmaigh ionchais		Ráta toraidh fhadtéarmaigh ionchais		Ráta toraidh fhadtéarmaigh ionchais	
	ag 31 Noll	Luach	ag 31 Noll	Luach	ag 31 Noll	Luach
	2004	2004	2003	2003	2002	2002
	%	€'000	%	€'000	%	€'000
Cothromais	5.50	877	6.00	827	6.50	517
Bannaí	3.75	306	4.25	200	4.75	202
Maoín	4.50	123	5.00	79	5.50	63
Airgead	2.00	90	2.00	56	2.00	39
Eile	7.50	954	8.00	794	8.00	857
Margadhluach iomlán pinsean		2,350		1,956		1,678
Luach reatha dhliteanais na scéime		(1,716)		(1,686)		(1,579)
Glan-bharrachas sa scéim		634		270		99
Sócmhainn chánach ghaolmhar iarchurtha		-		-		-
Glan-sócmhainn pinsean		634		270		99

Arna anailísiú mar:

Sócmhainní scéime pinsean	2,350	1,956	1,678
Dlíteanais scéime pinsean	(1,716)	(1,686)	(1,579)
	634	270	99

Dá mbeadh léiriú ar FRS 17 sna ráitis airgeadais phríomhúla, is iad seo a leanas na méideanna a bheadh curtha isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána:

	31 Nollaig 2004 €'000	31 Nollaig 2003 €'000	31 Nollaig 2002 €'000
<i>San áireamh i gCostais Phárolla</i>			
Costais fónaimh reatha	69	53	51
Costais um bás i seirbhís	-	-	-
Glan-táille ar bhrabús oibriúcháin	69	53	51
<i>San áireamh i gcostais airgeadais</i>			
Toradh ionchais ar shócmhainní	128	97	111
Costas úis	(84)	(79)	(76)
Glan-toradh airgeadais	44	18	35
<i>San áireamh sa ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána:</i>			
Difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhair ar shócmhainní	229	103	(93)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	160	31	(167)
Éifeacht na n-athruithe ar na boinn tuisceana	(130)	0	(27)
Glan-mhéid sa ráiteas faoi chaillteanais aitheanta iomlána	259	134	(287)
<i>Stair gnóthachan agus caillteanas achtúireach</i>			
Difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhair ar shócmhainní	229	103	(93)
Sainráite mar chéatadán de shócmhainní scéime	9.7%	(5.3%)	(6.1%)
Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	160	31	(167)
Sainráite mar chéatadán de dhliteanais scéime	6.8%	1.8%	10.6%
Gnóthachain achtúireacha iomlána	259	134	(287)
Sainráite mar chéatadán de dhliteanais scéime	15.1%	7.9%	18.2%
Glan-sócmhainní			
Glan-sócmhainní roimh shócmhainn scéime pinsean	813,948	848,451	879,526
Sócmhainn scéime pinsean	2,350	1,956	1,678
Dliteanas scéime pinsean	(1,716)	(1,686)	(1,529)
Glan-sócmhainní tar éis sócmhainn scéime pinsean	814,582	848,721	879,625
Cúlchistí			
Cuntas brabúis agus caillteanais roimh shócmhainn scéime pinsean	33,373	33,103	34,482
Cúlchiste pinsean	634	270	99
Cuntas ioncaim agus caiteachais tar éis sócmhainn scéime pinsean	34,007	33,373	34,581


20. Ceadú ráiteas airgeadais

Ar 22 Márta 2005 cheadaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais iniúchta, atá de réir an leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Airgeadais.

AN GHNÍOMHAIREACTH
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

AGUISÍN 1

STAITISTICÍ I LEITH LEABHAR NA N-IASACHTAÍ



Aguisín 1

Staitisticí i leith leabhar na n-iasachtaí

(A) De réir cineáil iasachta

iasachtaí a tugadh chun maoiniú	2000 €'000	2001 €'000	2002 €'000	2003 €'000	2004 €'000
Ráta seasta	6,295	9,775	14,049	7,787	2,375
Ráta athraitheach	281,390	475,293	620,660	439,216	491,808
Treoirnaschta	52,190	77,612	90,276	-	-
Iomlán	339,875	562,680	724,985	447,003	494,183

(B) De réir chineáil agus fad na hiasachta

Fad na hiasachta	Ráta seasta €'000	Ráta athraitheach €'000	Treoirnaschta		Iomlán €'000
			Tar éis Bealtaine 1986 €'000	Roimh Bealtaine 1986 €'000	
0 to 5 bliana	3,668	580,358	19,719	16,196	619,942
6 to 10 bliana	18,502	91,211	-	23,307	133,020
11 to 15 bliana	63,714	123,896	26,611	-	214,221
16 to 20 bliana	4,901	282,389	63,561	-	350,851
21 to 25 bliana	20,038	735,049	165,034	-	920,120
26 to 30 bliana	1,423	456,562	-	-	457,985
Iomlán	112,246	2,269,465	274,925	39,503	2,696,139

(C) De réir Údaráis Áitiúla agus na Gníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta


Údarás Áitiúil	Airleachain a tugadh 12 mí go 31 Nollaig 2004 €'000	Iarmhéid gan íoc 31 Nollaig 2004 €'000
Áth Luain, Comhairle Baile	-	2,424
Bré, Co. Baile	-	3,307
Ceatharlach, Co. Co.	476	29,908
Ceatharlach, Co. Baile	-	2,505
Carraig na Siúire, Co. Baile	-	339
Báile na Lorgan, Co. Baile	-	105
Cabhán, an, Co. Co.	922	10,258
Clár, an, Co. Co.	3,963	44,932
Cloich na Coillte, Co. Baile	-	875
Cluain Meala, Co. Buirge	-	4,270
Cluain Eois, Co. Baile	-	213
Cóbh, an, Co. Baile	-	174
Corcaigh, Co. Cathrach	7,159	82,601
Corcaigh, Co. Co.	45,416	179,759

Dún na nGall, Co. Co.	8,734	74,225
Droichead Átha, Co. Buirge	275	17,288
Baile Átha Cliath, Co. Cathrach	174,998	710,833
Dún Dealgan, Co. Baile	4,232	24,668
Dún Laoghaire/Ráth an Dúin, Co. Co.	7,946	64,642
Dún Garbhán, Co. Baile	-	6,332
Inis, Co. Baile	250	2,073
Inis Córthaigh, Co. Baile	-	1,200
Fearnuighe, Co. Baile	280	283
Fine Gall, Co. Co.	79,581	251,292
Gaillimh, Co. Cathrach	24,527	71,781
Gaillimh, Co. Co.	7,368	63,273
Ciaraí, Co. Co.	4,650	27,783
Cill Mhantáin, Co. Co.	13,957	87,936
Cill Chainnigh, Co. Buirge	-	947
Cill Chainnigh, Co. Co.	2,178	56,384
Cill Rois, Co. Baile	-	677
Laois, Co. Co.	14,756	55,096
Liatroim, Co. Co.	900	9,331
Leitir Ceanainn, Co. Baile	-	168
Luimneach, Co. Cathrach	1,246	26,966
Luimneach, Co. Co.	4,486	32,178
Lios Tuathail, Co. Baile	170	170
Longfort, an, Co. Co.	6,421	33,912
Longfort, an, Co. Baile	350	2,259
Lú, Co. Co.	607	5,635
Maigh Chromtha, Co. Baile	-	67
Mala, Co. Baile	-	3,208
Maigh Eo, Co. Co.	2,261	55,201
Mhí, an, Co. Co.	4,785	39,995
Muineachán, Co. Co.	6,184	20,971
Nás, an, Co. Baile	-	10,160
Ros Mhic Thriúin, Co. Baile	-	1,297
Uíbh Fhailí, Co. Co.	4,888	36,046
Ros Comáin, Co. Co.	200	11,678
Sligeach, Co. Buirge	-	38,578
Sligeach, Co. Co.	383	51,030
Baile Átha Cliath Theas, Co. Co.	16,021	122,050
Tullach Mhór, an, Co. Baile	735	1,696
Durlas, Co. Baile	-	1,921
Trá Lí, Co. Baile	-	4,927
Tiobraid Árann Thuaidh, Co. Co.	2,355	16,527
Tiobraid Árann Theas, Co. Co.	516	41,423
Tiobraid Árann, Co. Baile	-	851
Port Láirge, Co. Cathrach	4,955	55,188
Port Láirge, Co. Co.	3,394	25,274
Cathair na Máirt, Co. Baile	3,000	3,014
Iarmhí, an, Co. Co.	18,255	45,574
Loch Garman, Co. Buirge	59	6,111
Loch Garman, Co. Co.	2,588	65,344
Cill Mhantáin, Co. Co.	7,756	41,780
Cill Mhantáin, Co. Baile	-	3,716
Fo-Iomlán	494,183	2,692,629
Gníomhaireachta Foirgníochta Náisiúnta	-	3,510
Iomlán	494,183	2,696,139


AN GHNÍOMHAIREACTH
AIRGEADAIS TITHÍOCHTA CPT

AGUISÍN 2


GRAIF I LEITH LEABHAR
NA N-IASACHTAÍ AGUS NA
DTREOCHTAÍ AIRGEADAIS




AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA LEABHAR NA NIASACHTAÍ €M 2000 TO 2004




AIRLEACAIN IASACHTAÍ (COMHLÁN AGUS GLAN) 2000-2004




BARRACHAS AGUS CÚLCHISTÍ 2000-2004



RÁTA MORGÁISTE ATHRAITHEACH ÚDARÁIS ÁITIÚIL I GCOINNE MEÁN-RÁTA IONADACH MARGAIDH (NA CÚIG IASACHTÓIRÍ IS MÓ DE RÉIR SCIAR AN MHARGAIDH)



**COSTAIS RIARACHÁIN MAR % D'IOMLÁN LEABHAR NA N-IASACHTAÍ
AGUS LEABHAR NA N-IASACHTAÍ ATHRAITHEACHA
2000-2004**



**AIRLEACAIN IASACHTAÍ DE
RÉIR CINEÁL IASACHTA
2000-2004**

